



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
Waterford City & County Council



# Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Buiséad 2022

Le ráitis comparáideacha agus mínitheacha  
don mbliain airgeadais dar críoch

31 Nollaig 2022

# Contents

## Clár

### **Buiséad 2022**

### **Budget 2022**

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh  
Report of Chief Executive

### **Briseadh síos an Bhuiséid don mBliain Airgeadais 2022**

### **Budget Breakdown for the Financial Year 2022**

**Tábla A** – Áireamh an Ráta Bliantúil ar an Luacháil i gcomhair 2022  
**Table A** - Calculation of Annual Rate on Valuation for the Financial Year 2022

**Tábla B** – Caiteachas & Ioncam i gcomhair 2022 & Táirgeacht Mheasta i gcomhair 2021  
**Table B** - Expenditure & Income for 2022 and Estimated Outturn for 2022

**Tábla D** – Ainilís ar Bhuiséad 2022 Ioncam ó Earraí & Seirbhísí  
**Table D** - Analysis of Budget 2022 Income from Goods and Services

**Tábla E** - Ainilís ar Bhuiséad 2022 Ioncam ó Dheontais & Fóirdheontais  
**Table E** - Analysis of Budget 2022 Income from Grants and Subsidies

**Tábla F** – Caiteachas  
**Table F** - Expenditure

**Tábla F** – Ioncam  
**Table F** - Income

---

**Aipindic 1** – Achoimre ar an Muirear do Bhainistíocht Láir 2022  
**Appendix 1** - Summary of Central Management Charge for Year 2022

**Aipindic 2** – Achoimre ar Leithroinnt Chánach Mhaoine Áitiúil  
**Appendix 2** – Summary of Local Property Tax Allocation

# COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE PHORT LÁIRGE

**CHUIG: AN MÉARA AGUS GACH BALL DE CHOMHAIRLE CATHRACH &  
CONTAE PHORT LÁIRGE**

**Buiséad Bliantúil don bhliain  
1 Eanáir 2022 - 31 Nollaig 2022**

## Réamhrá

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, cosúil le gach eintiteas eile sa stáit, tar éis dhá bhliain neamhghnách a chur dinn de bharr na paidéime Covid. Is de bharr chúnaimh nach beag ón Rialtas a rabhamar ábalta teacht tríd ó thaobh chúrsaí airgeadais de, go hindíreach trí tharscaoileadh rátaí agus trí chúiteamh díreach d'ioncam caillte chomh maith. Anois agus sinn ag dul isteach i dtréimhse nua eindéimeach de thionchar Covid ar an tsochaí, ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de go mbeidh tacaíocht leanúnach ag an leibhéal céanna ag teacht ón Rialtas, agus dá bharr san is gá an Buiséad seo a ullmhú ar an mbunús go mbeidh an earnáil ghnó athoscailte ina iomlán agus normálta, agus seirbhísí méadaithe á lorg ag an bpobal, fiú amháin. Go bunúsach, is gá an Buiséad seo a ullmhú ar an mbonn go bhfuil gach rud ar ais mar a bhí.

Nuair atáimid ag smaoineamh ar Bhuiséad 2022 sa chomhthéacs seo, tá roinnt cheisteanna atá ag dó na geirbe ag an bhfeidhmeannacht agus a bhfuil aird tarraingthe orthu ag an gComhairle i slíte éagsúla ar bhonn leanúnach le bliain anuas, agus dhéanfainn achoimre orthu mar seo a leanas:

### **Boilsciú**

Tá brúnna suntasacha boilscitheacha ar ár ngníomhaíochtaí, a mbeidh tionchar acu ar an gcumas atá againn leibhéal seirbhíse a chur ar fáil i gcónaí, muna bhfuil ioncam breise ginte agus soláthar sa bhreis déanta. Tá leochaileacht faoi leith inár ngníomhaíochtaí do bhoilsciú tógála agus fuinnimh agus is dóigh liom go bhfuil gach duine ar an eolas faoin mbrú sa réimse seo, le méadú 10% bliain ar bhliain ar chostais tógála agus méadú suas le 16% ar chostais fuinnimh i gceist. Is í fírinne an scéil ná nach féidir linn an leibhéal céanna seirbhíse a chur ar fáil i gcónaí sa timpeallacht seo gan acmhainní a mhéadú. Tá sé seo ar fad i gcomhthéacs níos leithne, sa mhéid is go bhfuil cáineadh á dhéanamh orainn maidir le leibhéal seirbhíse agus tá mé ar an taifead roimhe seo ag míniú go bhfuil cuid des na croí-bhuiséid atá againn, do chothabháil acmhainní ach go háirithe, ró-bheag go bunúsach.

## **Éileamh ar sheirbhísí breise**

Lasmuigh d'aon easnamh i ngnáth-seirbhísí, tá éilimh shuntasacha do sheirbhísí méadaithe i réimsí leathana agus ualaigh oibre suntasacha trasna ár seirbhísí dá réir. Ní dhéanadh aon bhall den gComhairle an argóint nach bhfuil daoine breise ag teastáil sna Rannóga Tithíochta agus Pleanála chun deileáil le láithreáin thréigthe, athghiniúint tuaithe, tithe folmha nó go leor réimse eile.

Anuas air sin, tá méadú san éileamh do sheirbhísí trasna ár n-áiseanna poiblí lasmuigh go léir de bharr Covid, sa Chathair, sna bailte agus sna sráidbhailte fiú amháin, chun maireachtáil lasmuigh a fheabhsú. Ní féidir aon cheann de na rudaí seo a chur ar fáil gan acmhainní breise a bheith ar fáil dúinn.

## **Gá le cistiú meaitseála**

Is é ceann des na réimsí gur tháinig feabhas suntasach orthu le blianta beaga anuas, ná an méadú suntasach atá tar éis teacht ar an bhfáil atá ar dheontais chaipitil ón Rialtas go ginearálta agus tá bonn curtha faoi seo dos na blianta amach romhainn sa Phlean Caipitil Náisiúnta is déanaí. Bíonn sé mar choinníoll ag roinnt des na cláir seo, áfach go mbeidh cistiú meaitseála áitiúil de leibhéil éagsúla ar fáil. Tá sé rithábachtach go mbeimid in ann soláthar a dhéanamh don chistiú meaitseála seo inár gcúrsaí airgeadais in iomlán, ionas gur féidir linn an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na Cláir Chaipitil seo.

## **Port Láirge a chur chun cinn**

Tá cur chun cinn Phort Láirge mar áit le cónaí ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air, criticiúil don todhchaí agus dos na deiseanna atá ar fáil d'ár saoránaigh agus dár ngnóthaí. Faoi láthair, tugaimid faoi fheachtais bholscaireachta réasúnta teoranta trí Visit Waterford agus trí fheachtais náisiúnta píosa ar pháosa. Chun dul chun cinn dáiríre a choimeád ag imeacht maidir leis an dearcadh seachtrach atá ann i leith Phort Láirge, bheadh orainn airgead suntasach a chaitheamh ar fheachtais dhíríthe bhunaithe ar bhranda soiléir. Ní féidir é seo a bhaint amach ceal acmhainní, áfach agus bheadh gá le caiteachas atá iolrach ar na buiséid atá againn faoi láthair. Mar shampla, b'fhiú go mór fíor-acmhainní a chaitheamh ar bholscaireacht a dhéanamh ar an ainmniú a bhfuaireamar ón Irish Times mar An Áit is Fearr le Maireachtáil, acmhainní nach bhfuil againn faoi láthair.

## **Dícharbónú**

Ní fada an t-athrú aeráide ó aighne gach duine faoi láthair, i bhfianaise COP26 i nGlaschú agus an tuairisc ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide a foilsíodh le déanaí. Is í fírinne an-seéil ná go bhfuil gach polasaí ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal Náisiúnta ag dul i dtreo freagraí práinneacha - tá an Bille ar Athrú Aeráide agus na Buiséid ar son na hAeráide de chuid na tíre seo mar léirithe nua den athrú sa tírdhreach sa réimse seo. Cé go bhfuil polasaí náisiúnta dá leithéad riachtanach chun aon athrú a bhaint amach, beidh gá gníomhú ag an leibhéal áitiúil i ndeireadh na dála agus tá dualgas ar údaráis áitiúla Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i gcrích. Mar fheidhmeannas, áfach cuirimid an cheist orainn féin dé chúis nach féidir le Port Láirge a bheith mar cheannródaí sa réimse seo agus an deis a thapú seachas féachaint air mar thasc pionóis. Tá an infheistíocht ag dul i dtreo na n-eintitis agus na n-áiteanna a chuireann an tAthrú Aeráide ag croílár a gcuid dianiarrachtaí. Conas nach féidir le Port Láirge a bheith chun tosaigh sa tslí céanna?

Tá ár n-uaimhian le feiscint sa tslí ina bhfuil ainmniúchán mar chrios dícharbónaithe á lorg againn ag an leibhéal Náisiúnta. Sin ráite, is gá acmhainní a chur taobh thiar den bhfeachtas i dtreo dícharbónaithe agus sé an dúshlán atá ann ná é seo a dhéanamh i slí gur féidir maoiniú breise a mhealladh chun gur féidir difear ceart a dhéanamh agus cur le hinfheistíocht sa Chathair agus sa Chontae.

## **An Aincheist**

Ar ndóigh, ní féidir an méid ar fad thuasluaite a bhaint amach gan acmhainní breise. Tá an t-ádh linn sa bhliain reatha go bhfuil méaduithe in ioncam de bheagáinín os cionn €1 milliún againn gur féidir linn braith orthu, ach ina choinne sin tá a) méadú i gcostais foirne mar atá socraithe ag an leibhéal náisiúnta agus b) roinnt foireann sa bhreis in áiteanna áirithe ina bhfuil brú oibre i gceist, a bhfuil furmhór an mhaoinithe ag teacht ón leibhéal Náisiúnta. Dá réir sin, is í an cheist ná - an bhfuil sé réasúnta iarraidh ar lucht íoctha rátaí níos mó a íoc do sheirbhísí sa timpeallacht reatha?

Is léir go bhfuil go leor gnóthaí ag streachailt in aimir Covid agus níl sé réasúnta a bheith ag súil go n-íocfaidh siad níos mó. Is léir chomh maith, áfach go bhfuil go leor atá tar éis a dhéanamh go han-mhaith dóibh féin, go háirithe gnóthaí móra sna hearnálacha tionsclaíochta, teileachumarsáide, ollmhargaidh agus earraí crua. Dá réir sin, má theastaíonn uainn seirbhísí breise a sholáthar, Port Láirge a chur chun cinn, infheistíocht a mhealladh agus a bheith réamhghníomhach ó thaobh Athrú Aeráide, is féidir linn teacht suas le struchtúr cóir a ligfidh dóibh siúd gur féidir leo íoc cuir le hathrú ó bhonn. Is í an aincheist seo atá ag dó na geirbe ag an bhfeidhmeannas le seachtainí anuas agus tá struchtúr nuálach maidir le rátaí á moladh inniu, struchtúr a bheidh cóir go bunúsach agus a ligfidh d'athruithe diminiciúla tarlú.

Go bunúsach, tá méadú de 5% sna rátaí á moladh agam don Chomhairle, ach comhthreomhar leis seo, tá scéim deontais á moladh agam a chuirfidh ar chumas íocóirí rátaí a íocann faoi bhun €10,000 agus gach soláthróir fáilteachais (i bhfianaise an droch-thionchar leanúnach atá ag Covid ar an earnáil seo) aisíoc coibhéiseach de 5% a fháil, faoi réir iad a bheith ábalta:

- Íoc in iomlán
- Dul i dteagmháil linn maidir le hoiliúint agus féin-mheasúnú ó thaobh athrú aeráide

Dá bharr seo, ní bheidh ar 87% de lucht íoctha rátaí méadú a íoc. Dar liomsa, is ionann seo agus táille a ghearradh orthu siúd a bhfuil ar a gcumas íoc, ach cuireann sé ionstraim an-suntasach ar fáil chun rannpháirtíocht inár gclár iomlán dícharbónaithe a spreagadh, fad is atá tuairim is €1.1 milliún in ioncam breise á fháil againn.

---

## **Ag obair ar son Phort Láirge**

Chun gur féidir na méaduithe a chosaint, tá sé riachtanach go mbeimid ábalta seirbhísí a fheabhsú in áiteanna faoi leith agus táim sásta go mbeidh úsáid an ioncaim bhreise dearfach go bunúsach agus chun leas an phobail. Thabharfainn achoimre ar na príomh-bhuanna mar a fheicim iad i gcomparáid leis na réimsí a phléamar anseo thíos.

### **Dícharbónú**

Beidh soláthar €500,000 don réimse seo mar dhíol suntais d'aon údarás áitiúil sa tír seo agus ligfidh sé dúinn foireann leis an saineolas cuí a fhorbairt chun ár bpleananna le dul i dteagmháil leis an bpobal ar fad a chur sa tsiúl. Níos tábhachtaí fós, éascóidh sé iarrachtaí chun maoiniú ar scála a bhfad níos mó a mhealladh go Náisiúnta agus ón AE agus cuirfidh sé le hinfheistíocht i bPort Láirge trí chéile. Is féidir leis comhairle agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do ghnóthaí agus do shaoránaigh mar a chéile, i réimse ina bhfuil fonn ar dhaoine dul chun cinn a dhéanamh, ach eagla orthu roimh na dúshlán teicniúla agus phraiticiúla ar aon a bhaineann leis. Táimid ag pointe claochlaithe maidir le hathrú aeráide - is teachtaireacht é an tiomantas seo d'ár ndaoine óga gur cuma linn faoina dtodhchaí agus déarfadh sé leo chomh maith go bhfuil Port Láirge sásta a bheith mar cheannródaí, sásta a bheith nuálach agus dul i dteagmháil lenár bpobal in iomlán ar mhaithe le bheith réamhghníomhach ó thaobh athrú de.

### **Boilsciú**

Tá soláthar breise sa bhuiséad seo de €300,000 do bhóithre áitiúla, €150,000 do shoilsiú poiblí agus €100,000 do thithíocht mar fhreagra ar bhrúnna boilscitheacha.

### **Seirbhísí Breise**

Tá soláthar sa bhuiséad i gcomhair mhaoiniú breise de €170,000 do leithris poiblí agus do thránna chun seirbhísí do shéasúr Samhraidh níos leithne a éascú, achair ama níos faide do sholáthar ghardaí tarrthála agus soláthar chun leithreas poiblí a chur ar fáil i nDún Garbhán. Tá soláthar sa bhreis de €100,000 do chothabháil bhunúsach ar Chéanna agus ar Chuanta, €50,000 do chothabháil bhreise ar chlósanna súgartha agus €30,000 ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar chreimeadh cósta.

Tá suim sa bhreis de €135,000 curtha ar fáil do dhreasachtaí breise don earnáil mhiondíola, tacaíocht do mhoil oibre agus forbairt tuaithe.

Tá iarratas na Comhairle maidir le hacmhainní breise i bpleanáil cloiste agam agus, má leantar ar aghaidh leis na rátaí iarratais mar atá (mar atá léirithe in ioncam breise), méadófar an líon foirne pleanála dá réir sa bhliain amach romhainn.

Is iomaí uair atá an cheist a bhaineann le feabhsuithe ar Pháirc an Phobail, soláthar soilsiú poiblí ach go háirithe, tarraingthe anuas. Tá soláthar dá leithéad sa bhuiséad seo, i gcomhar le huasghrádú ginearálta ar shoilsiú poiblí, ag tosnú an bhliain seo chugainn, faoi réir scagadh comhshaoil agus pleanáil a bheith curtha i gcrích.

## **Bolscaireacht**

Ba mhaith liom i bhfad níos mó a chur ar fáil chun Port Láirge a chur chun cinn; níl ach €100,000 sa bhreis á cur ar fáil chun ligint don bhfoireann cumarsáide agus Visit Waterford cur leis an dea-obair atá á dhéanamh chun margáíocht a dhéanamh ar an gCathair agus ar an gContae mar an ceann scríbe ba rogha le cuairteoirí, le infheisteoirí agus le oibrithe. Leis an méid seo is féidir ár n-iarrachtaí margáíochta agus bolscaireachta a fhorbairt a thuilleadh agus creidim, má leanfaimid orainn ag cur leis an soláthar sa réimse seo, is féidir linn brabús suntasach a ghiniúint agus scéal dearfach Phort Láirge á insint don tír agus níos faide i gcéin.

## **Achoimre**

Ar deireadh, creidim i ndáiríre gur buiséad fíor-dhearfach é seo. Tá Port Láirge ag pointe an-suimiúil ina ath-fhorbairt agus ina chlaochlú agus creidim go gcaithfimid a bheith misniúil agus réamhghníomhach chun leanúint ar aghaidh leis an scéal dearfach seo. Ní theastaíonn ó aon duine cáin a ardú ariamh agus ní gan machnamh a dheinim é seo. Tar éis an-chuid machnaimh a dhéanamh, áfach creidim go bhfuil sé riachtanach agus cóir sa tslí ina bhfuil sé i gceist againn tabhairt faoi. Creidim chomh maith go bhfuil an buiséad seo mar atá sé curtha le chéile, nuálach go bunúsach, agus é dírithe ar thodhchaí dearfach agus cuirfidh sé le cumas Phort Láirge dul ó neart go neart mar áit iontach le maireachtáil agus mar cheannródaí ann féin.

Is sa chomhthéacs seo a mholaim an Buiséad seo daoibh agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Méara agus le baill na Comhairle as ucht a gcuid oibre maidir leis an mBuiséad seo. Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh, agus leis an iliomad baill a ghlac páirt fonnmhar sa cheardlann agus sna díospóireachtaí a bhí againn le déanaí. Tá an-chuid oibre déanta ag an bhFoireann Bainistíochta – Fergus Galvin, Ivan Grimes, Michael Quinn agus Kieran Kehoe - agus a bhfoirne faoi seach - agus tá mé an-bhuíoch as san. Már is gnáth, buíochas faoi leith leis an gCeannasaí Airgeadais, An tUasal Bernard Pollard, leis an Uasal Dónal Murphy agus leis an Uasal Bryan O’Kane, Cuntasóirí Airgeadais agus leis an bhFoireann iomlán Airgeadais as ucht a saothair gan stad in ullmhú an Bhuiséid seo.

**Michael Walsh,**  
**Príomhfheidhmeannach**

---



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
Waterford City & County Council

**Briseadh síos an Bhuiséid**

**don**

**mBliain Airgeadais**

**2022**

---





Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
Waterford City & County Council

**Clár**

	<b>Lth</b>
<b>Tábla A</b> – Áireamh an Ráta Bliantúil ar an Luacháil i gcomhair 2022 .....	<b>1</b>
<b>Tábla B</b> – Caiteachas & Ioncam i gcomhair 2022 & Táirgeacht Mheasta i gcomhair 2021 ..	<b>2</b>
<b>Tábla D</b> – Ainilís ar Bhuiséad 2022 Ioncam ó Earraí & Seirbhísí .....	<b>6</b>
<b>Tábla E</b> - Ainilís ar Bhuiséad 2023 Ioncam ó Dheontais & Fóirdheontais.....	<b>7</b>
<b>Tábla F</b> – Caiteachas de réir Sheirbhís & Fho-Sheirbhís.....	<b>9</b>
<b>Tábla F</b> – Ioncam de réir Roinne & Fhoirse .....	<b>11</b>
<hr/>	
<b>Aipindic 1</b> – Achoimre ar an Muirear do Bhainistíocht Láir 2023.....	<b>30</b>
<hr/>	
<b>Aipindic 2</b> – Achoimre ar Leithroinnt Chánach Mhaoine Áitiúil.....	<b>31</b>

**TABLA A - AN RATA BLIANTUIL AR LUACHAIL A RIOMH**

Summary per Table A 2022						
	Caitheachas		Glanchaiteach as Buiséid don Bhliain 2022		Ioradh Measta an Ghlanchaiteachais ag Deireadh na Bliana 2021 (mar athshonraitodh)	
	€	€	€	€	€	%
<b>Achoimre de réir Rannóg Seirbhíse</b>						
<b>Ollchaiteachas Ioncaim agus Ollioncam</b>						
Tithíocht agus Tógáil	32,461,813	35,042,973	-2,581,160	-5%	-2,338,554	-4%
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	46,030,418	33,445,608	12,584,809	23%	13,050,254	25%
Seirbhísí Uisce	11,141,683	10,674,030	467,653	1%	360,634	1%
Bainistíocht Forbartha	17,678,810	8,494,376	9,184,434	17%	8,150,937	16%
Seirbhísí Comhshaoil	20,905,703	2,878,907	18,026,796	33%	15,708,217	30%
Áineas agus Taitneamhacht	14,951,207	1,750,939	13,200,268	24%	12,125,945	23%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	1,182,814	501,962	680,851	1%	443,985	1%
Seirbhísí Ighnéitheacha	9,360,886	5,744,486	3,616,400	7%	4,972,927	9%
	<b>153,713,333</b>	<b>98,533,281</b>	<b>55,180,052</b>	<b>100%</b>	<b>52,474,345</b>	<b>100%</b>
Soláthar don Iarmhéid Dochair	0		0			
<b>Ollchaiteachas agus Ollioncam Coigeartaithe</b>	(A)	<b>98,533,281</b>	<b>55,180,052</b>	<b>1</b>	<b>52,474,345</b>	
<b>Arna Maoiniú le hIarmhéideanna Eile Ioncaim/Sochair</b>						
Soláthar don Iarmhéid Sochair		0	0			
Cáin Mhaoine Áitiúil		19,668,516	19,668,516			
<b>Fo-Iomlán</b>			<b>19,668,516</b>			
<b>Glan-suim na Rátaí a Ghearrfar</b>			<b>35,511,536</b>			
Luach an Choigeartaithe Bonn bhliana			0			
<b>Suim na Rátaí a Ghearrfar (an Coigeartú Bonn bhliana san áireamh)</b>	(D)		<b>35,511,536</b>			
<b>Glanluacháil Eifeachtach</b>	(E)		<b>127,739,339</b>			
<b>Ráta Bliantúil Ginearálta ar Luacháil</b>	D/E		<b>0.2780</b>			

Tábla B		Caiteachas agus Ioncam don Bhliain 2022 agus Toradh Measta ag Deireadh na Bliana 2021										
		2022					2021					
		Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam				
Code	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna ghlacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach
<b>Tithíocht agus Tógáil</b>												
U01	7,353,957	7,353,957	15,136,400	15,136,400	7,058,851	7,368,581	14,656,062	14,653,036				
U02	1,369,344	1,369,344	419,065	419,065	1,230,134	1,145,395	201,570	200,318				
U03	996,586	996,586	11,316	11,316	955,255	908,814	10,605	9,985				
U04	935,713	935,713	11,932	11,932	1,026,750	883,554	15,310	14,414				
U05	6,292,907	6,292,907	5,328,264	5,328,264	6,276,206	5,706,231	5,538,016	4,963,897				
U06	915,693	915,693	547,939	547,939	941,083	926,658	597,739	573,750				
U07	10,214,175	10,214,175	10,631,537	10,631,537	7,873,102	10,075,582	8,253,567	10,481,719				
U08	1,612,785	1,612,785	1,284,386	1,284,386	1,735,592	1,707,040	1,285,080	1,284,614				
U09	2,291,580	2,291,580	1,462,579	1,462,579	2,311,011	2,300,438	1,463,228	1,462,946				
V11	61,476	61,476	61,476	61,476	61,476	61,476	61,746	61,746				
V12	417,597	417,597	147,810	147,810	436,291	432,053	148,445	147,951				
	32,461,813	32,461,813	35,042,973	35,042,973	29,905,750	31,515,822	32,231,369	33,851,376				
<b>Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre</b>												
301	4,262,211	4,262,211	3,987,132	3,987,132	8,261,803	4,720,201	7,987,823	4,424,926				
302	1,739,437	1,739,437	1,711,603	1,711,603	4,529,589	5,342,035	4,507,460	5,319,335				
303	8,059,654	8,059,654	6,636,044	6,636,044	7,776,711	8,032,630	6,449,742	6,724,727				
304	21,326,889	21,326,889	13,768,448	13,768,448	16,840,511	21,678,271	9,609,534	14,193,713				
305	2,098,514	2,098,514	51,449	51,449	1,990,474	1,940,329	50,624	50,529				
306	643,524	643,524	5,543	5,543	639,822	637,351	61,883	5,821				
307	938,981	938,981	452,603	452,603	965,437	968,271	534,606	451,551				
308	240,490	240,490	3,774	3,774	263,711	270,741	5,227	4,921				
309	1,563,660	1,563,660	2,604,600	2,604,600	1,479,987	1,438,292	2,507,031	1,870,406				
310	422,970	422,970	10,707	10,707	495,304	483,227	20,143	18,965				
311	4,734,087	4,734,087	4,213,707	4,213,707	3,258,027	4,218,088	2,663,732	3,614,208				
	46,030,418	46,030,418	33,445,608	33,445,608	46,501,378	49,729,356	34,342,105	36,679,102				

Tábla B		Caitheas agus Ioncain don Bhlain 2022 agus Toradh Measta ag Deireadh na Bliana 2021											
		2022						2021					
		Caitheas			Ioncain			Caitheas			Ioncain		
Code	Seirbhís Uisce	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ng an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghlaodh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach
01	Soláthar Uisce	7,180,282	7,180,282	7,180,282	7,180,282	7,012,814	6,907,155	6,990,236	6,946,265	2,171,613	2,195,999	2,171,613	2,203,810
02	Cóirteáil Fuoiluisce	2,265,843	2,265,843	2,265,843	2,265,843	2,171,613	2,195,999	2,171,613	2,203,810	0	0	0	0
03	Muirir Uisce agus Fuolluisce a Bhailiú	383,270	383,270	383,270	383,270	311,929	332,348	332,348	2,397	2,242	2,242	2,345	2,397
04	Léithrís Phoibí	308,785	308,785	308,785	308,785	223,045	303,078	223,158	223,073	223,045	304,130	223,158	223,073
05	Suiteálacha Grúpa agus Suiteálacha Priobháideacha a Riar	670,027	670,027	670,027	670,027	678,521	688,119	678,521	688,586	678,521	688,119	678,521	688,586
06	Tacaíocht don Chiar Capitil Uisce	240,857	240,857	240,857	240,857	244,274	238,137	244,274	241,870	240,857	238,137	244,274	241,870
07	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchúitithe	92,619	92,619	92,619	92,619	91,735	109,579	108,760	108,760	91,735	109,579	108,760	108,760
08	Seirbhísí Uisce agus Slaimeacha an Údarás Aitiúil	11,141,683	11,141,683	10,674,030	10,674,030	10,831,808	10,775,395	10,419,107	10,414,761	10,674,030	10,775,395	10,419,107	10,414,761
<b>Bainistíocht Forbartha</b>													
01	Pleanáil Chuan Cinn	775,761	775,761	16,224	16,224	863,445	882,060	14,693	13,833	775,761	882,060	14,693	13,833
02	Bainistíocht Forbartha	2,028,543	2,028,543	591,508	591,508	2,006,233	1,823,879	594,044	592,082	2,028,543	1,823,879	594,044	592,082
03	Forfheidhmiú	499,736	499,736	157,159	157,159	367,444	370,530	156,176	156,020	499,736	370,530	156,176	156,020
04	Saoráidí Tionscailtacha agus Tráchtála	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
05	An Turasóireacht a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn	1,071,954	1,071,954	20,855	20,855	1,095,323	2,095,219	21,640	1,038,380	1,071,954	2,095,219	21,640	1,038,380
06	An Fheidhm Pobail agus Frontair	3,222,417	3,222,417	2,457,244	2,457,244	2,773,873	3,007,479	2,028,404	2,275,592	3,222,417	3,007,479	2,028,404	2,275,592
07	Eanáil Tithíochta Neamhchriochmáithe	302,309	302,309	3,333	3,333	295,670	298,386	2,615	2,462	302,309	298,386	2,615	2,462
08	Rialú Foirgníochta	358,402	358,402	76,585	76,585	331,312	328,701	65,291	74,547	358,402	328,701	65,291	74,547
09	Fhorbairt Gheillegraigh agus Cur Chun Cinn	7,417,515	7,417,515	3,842,865	3,842,865	7,188,207	6,609,440	4,245,366	3,743,282	7,417,515	6,609,440	4,245,366	3,743,282
10	Bainistíocht Readmhaoin	730,303	730,303	1,037,147	1,037,147	675,000	663,085	1,034,053	1,033,611	730,303	663,085	1,034,053	1,033,611
11	Seirbhísí Oidhreacht agus Caomhantais	1,151,149	1,151,149	229,010	229,010	1,147,814	1,145,290	229,426	228,992	1,151,149	1,145,290	229,426	228,992
12	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchúitithe	120,720	120,720	62,446	62,446	149,938	148,328	76,070	66,659	120,720	148,328	76,070	66,659
<b>Iomlán na Rannóg Seirbhíse</b>		17,678,810	17,678,810	8,494,376	8,494,376	16,894,259	17,376,397	8,467,777	9,225,460	17,678,810	17,376,397	8,467,777	9,225,460

		Caiteachas agus Ioncam don Bhlain 2022 agus Toradh Measta ag Deireadh na Bliana 2021									
		2022					2021				
		Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam		Ioncam	
		Arna Ghilceadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilceadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilceadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilceadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilceadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach
Code	Rannóg agus Seirbhís	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
<b>Seirbhísí Comhshaoil</b>											
:01	Oibríochtaí Lianadh Talún agus Iarchúram	532,086	532,086	2,406	2,406	528,846	530,778	2,549	2,400	483,519	496,550
:02	Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála	1,050,487	1,050,487	462,614	462,614	1,002,967	1,001,463	0	0	0	0
:03	Oibríochtaí Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhaíl	708,780	708,780	654,000	654,000	844,776	676,494	753,000	655,100	138,758	105,470
:04	Dramhaíl a Sholáthar do Sheirbhísí Bailithe	665,406	665,406	110,514	110,514	673,207	705,586	76,978	72,701	76,978	72,701
:05	Brúscar a Bhamistíú	4,401,773	4,401,773	67,915	67,915	4,318,165	4,096,560	241,922	242,342	0	0
:06	Ghlantachán Sráide	624,154	624,154	242,172	242,172	599,692	532,273	33,276	33,344	0	0
:07	Faireachán a Dhéanamh ar Rialacháin Dramhaíola agus ina a Fhorfheidhmiú	33,266	33,266	0	0	0	0	0	0	0	0
:08	Pleanáil Baimistíochta Dramhaíola	213,208	213,208	83,973	83,973	281,210	298,755	74,427	104,168	139,133	139,133
:09	Ionaid Adhlactha a Chotheabhtáil	986,320	986,320	138,984	138,984	871,547	873,879	139,980	810,976	814,428	810,976
:10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	9,780,741	9,780,741	827,636	827,636	9,298,472	9,020,669	118,429	138,136	997	938
:11	An tSeirbhís Dóiteáin a Oibriú	475,337	475,337	127,210	127,210	457,117	389,431	1,647	15,446	708	667
:12	Dóiteán a Choss	62,139	62,139	945	945	46,284	56,794	0	0	0	0
:13	Cúilocht an Uisce, Aer agus Truailliú Torainn	230,239	230,239	1,622	1,622	230,076	250,827	1,647	15,446	708	667
:14	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchuitithe	1,141,767	1,141,767	158,915	158,915	24,873	25,391	0	0	0	0
:15	Athru Aeráide agus Tuille	20,905,703	20,905,703	2,878,907	2,878,907	19,210,509	18,492,244	2,847,343	2,784,027	0	0
<b>Áineas agus Taitneamhacht</b>											
:01	Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	667,087	667,087	234,004	234,004	647,417	630,370	180,432	255,101	100,530	96,075
:02	An tSeirbhís Lcabbharlaine agus Cartlaine a Oibriú	5,762,537	5,762,537	112,046	112,046	5,520,709	5,094,692	76,006	52,833	166,337	96,006
:03	Oibríochtaí Laitheachta Fóillíochta Arnaigh faoin Speir	3,781,900	3,781,900	73,277	73,277	3,569,968	3,593,962	1,198,882	1,195,375	2,537,557	427,333
:04	Spórt Pobail agus Saoráidí Áineasa a Fhorbairt	1,175,034	1,175,034	160,287	160,287	1,198,882	1,195,375	865,851	706,098	0	0
:05	An Clár Ealaíon a Oibriú	2,705,761	2,705,761	372,573	372,573	2,668,045	2,537,557	707,435	706,098	0	0
:06	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchuitithe	858,888	858,888	798,752	798,752	849,133	707,435	865,851	706,098	0	0
<b>Ionclán na Rannóg Seirbhíse</b>		14,951,207	14,951,207	1,750,939	1,750,939	14,454,154	13,759,391	1,806,387	1,633,446	0	0

Tábla B		Caiteachas agus Ioncam don Bhlain 2022 agus Toradh Mensta ag Deireadh na Bliana 2021									
		2022					2021				
		Caiteachas		Ioncam		Ioncam	Caiteachas		Ioncam		Ioncam
Code	Rannóg agus Seirbhísi	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeamach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeamach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeamach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeamach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeamach
	<b>Seirbhísi Comhshaoil</b>										
:01	Oibríochtaí Lionadh Talún agus Iarchúram	532,086	532,086	2,406	2,406	528,846	530,778	2,549	2,400		
:02	Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Aithearsála	1,050,487	1,050,487	462,614	462,614	1,002,967	1,001,463	483,519	496,550		
:03	Oibríochtaí Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhail	0	0	0	0	0	0	0	0		
:04	Dramhail a Sholáthar do Sheirbhísi Baithíe	708,780	708,780	654,000	654,000	844,776	676,494	753,000	655,100		
:05	Brúscar a Bhainistiú	665,406	665,406	110,514	110,514	673,207	705,586	138,758	105,470		
:06	Giantaigh Stráide	4,401,773	4,401,773	67,915	67,915	4,318,165	4,096,560	76,978	72,701		
:07	Faireachán a Díanamh ar Rialachán Dramhaíola agus iad a Fhorfheidhmiú	624,154	624,154	242,172	242,172	599,692	532,273	241,922	242,342		
:08	Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	33,266	33,266	0	0	33,276	33,344	0	0		
:09	Ionaid Adhlactha a Choibhneáil	213,208	213,208	83,973	83,973	281,210	298,755	74,427	104,168		
:10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteamra	986,320	986,320	138,984	138,984	871,547	873,879	139,980	139,133		
:11	An tSeirbhís Doiteáin a Oibriú	9,780,741	9,780,741	827,636	827,636	9,298,472	9,020,669	814,428	810,976		
:12	Doiteán a Chosc	475,337	475,337	127,210	127,210	457,117	389,431	118,429	138,136		
:13	Cáiltecht an Uisce, Aer agus Truaillíú Torainn	62,139	62,139	945	945	46,284	56,794	997	938		
:14	Seirbhísi Gníomhaireachta agus Seirbhísi In-Fhorchúitithe	230,239	230,239	1,622	1,622	230,076	230,827	1,647	15,446		
:15	Athru Aeráide agus Tuille	1,141,767	1,141,767	158,915	158,915	24,873	25,391	708	667		
	<b>Fomlán na Rannóg Seirbhíse</b>	<b>20,905,703</b>	<b>20,905,703</b>	<b>2,878,907</b>	<b>2,878,907</b>	<b>19,210,509</b>	<b>18,492,244</b>	<b>2,847,343</b>	<b>2,784,027</b>		
	<b>Áineas agus Taitneamhacht</b>										
:01	Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	667,087	667,087	234,004	234,004	647,417	630,370	180,432	255,101		
:02	An tSeirbhís Leabharlaine agus Cartlaine a Oibriú	5,762,537	5,762,537	112,046	112,046	5,520,709	5,094,692	100,530	96,075		
:03	Oibríochtaí Láithreacha Fóillíochta Anuigh faoin Speir	3,781,900	3,781,900	73,277	73,277	3,569,968	3,593,962	76,006	52,833		
:04	Sport Pobail agus Saoráidí Áineasa a Fhorbairt	1,175,034	1,175,034	160,287	160,287	1,198,882	1,195,375	166,337	96,006		
:05	An Clár Ealaton a Oibriú	2,705,761	2,705,761	372,573	372,573	2,668,045	2,537,557	417,231	427,333		
:06	Seirbhísi Gníomhaireachta agus Seirbhísi In-Fhorchúitithe	858,888	858,888	798,752	798,752	849,133	707,455	865,851	706,098		
	<b>Fomlán na Rannóg Seirbhíse</b>	<b>14,951,207</b>	<b>14,951,207</b>	<b>1,750,939</b>	<b>1,750,939</b>	<b>14,454,154</b>	<b>13,759,391</b>	<b>1,806,387</b>	<b>1,633,446</b>		

**Tabla B** Caiteachas agus Ioncam don Bhlain 2022 agus Toradh Measta ag Deireadh na Blain 2021

Code	2022						2021					
	Caiteachas			Ioncam			Caiteachas			Ioncam		
	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach	Arna Ghilacadh ag an gComhairle	Arna mhéas ag an bPríomhfhéidhmeannach
€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	
<b>Rannóg agus Seirbhís</b>												
<b>Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas</b>												
G01	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
G02	272,325	272,325	2,515	2,515	155,690	156,795	1,253	1,115	1,115	1,115	1,115	1,115
G03	40,391	40,391	23	23	11,329	11,056	0	0	0	0	0	0
G04	798,571	798,571	484,087	484,087	699,178	741,786	446,330	446,330	446,330	446,330	446,330	446,330
G05	27,115	27,115	13,000	13,000	27,258	27,177	13,000	13,000	13,000	13,000	13,000	13,000
G06	44,412	44,412	2,338	2,338	86,063	68,347	68,041	68,041	68,041	68,041	68,041	68,041
Iomlán na Rannóg Seirbhíse	1,182,814	1,182,814	501,962	501,962	979,517	1,005,161	528,623	528,623	528,623	528,623	528,623	528,623
<b>Seirbhísí Ighnéitheacha</b>												
H01	702,424	702,424	55,765	55,765	757,278	719,766	60,700	60,700	60,700	60,700	60,700	60,700
H02	225,992	225,992	78,530	78,530	224,942	216,686	66,434	66,434	66,434	66,434	66,434	66,434
H03	5,051,358	5,051,358	66,028	66,028	5,445,509	5,455,251	66,220	66,220	66,220	66,220	66,220	66,220
H04	180,127	180,127	1,466	1,466	256,553	240,783	11,979	11,979	11,979	11,979	11,979	11,979
H05	309,406	309,406	0	0	305,483	280,770	0	0	0	0	0	0
H06	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
H07	4,000	4,000	15,000	15,000	4,000	4,000	15,000	15,000	15,000	15,000	15,000	15,000
H08	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
H09	1,633,172	1,633,172	306,159	306,159	1,446,316	1,574,546	2,793	2,793	2,793	2,793	2,793	2,793
H10	837,277	837,277	41,497	41,497	814,520	793,287	42,658	42,658	42,658	42,658	42,658	42,658
H11	417,130	417,130	5,180,041	5,180,041	365,629	616,002	4,402,222	4,402,222	4,402,222	4,402,222	4,402,222	4,402,222
Iomlán na Rannóg Seirbhíse	9,360,886	9,360,886	5,744,486	5,744,486	9,620,230	9,901,091	4,668,005	4,668,005	4,668,005	4,668,005	4,668,005	4,668,005
IOMLÁN FORIOMLÁN	153,713,333	153,713,333	98,533,281	98,533,281	148,397,605	152,554,857	95,310,716	95,310,716	95,310,716	95,310,716	95,310,716	95,310,716
											100,080,512	100,080,512

<b>Tábla D</b>	
<b>ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID Ó EARRAÍ AGUS Ó SHEIRBHÍSÍ SA BHLIAIN 2022</b>	
<b>Foinse Ioncaim</b>	<b>2022 €</b>
Cíosanna ó Thithe	15,591,300
Ús agus Muirir a bhaineann le hÍasachtaí Tithíochta	1,306,792
Fíneálacha Páirceála/Muirir Pháirceála	2,582,412
Uisce Éireann	10,150,165
Táillí Pleanála	612,500
Dramhaíl Tí	694,000
Dramhaíl Tráchtála	0
Muirir Líonadh Talún	400,000
Muirir Dhóiteáin	252,790
Áineas/Taitneamhacht/Cultúr	308,502
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha In-Aisíoc	0
Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil	689,926
Aoisliúntas	1,305,370
Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha	400,000
Ilghnéitheach (Tabhair sonraí)	3,093,600
<b>IOMLÁN</b>	<b>37,387,357</b>



<b>Tábla E</b>	
<b>ANAILIS AR IONCAM BUISEID O DHEONTAIS AGUS O FHOIRDHEONTAIS SA BHLIAIN 2022</b>	
	2022 €
<b>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht</b>	
Tithíocht agus Tógáil	17,889,936
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	0
Seirbhísí Uisce	313,261
Bainistíocht Forbartha	923,505
Seirbhísí Comhshaoil	385,422
Áineas agus Taitneamhacht	22,500
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	0
Seirbhísí Ilghnéitheacha	4,863,807
	<b>24,398,431</b>
<b>Ranna agus Comhlachtaí Eile</b>	
Bonneagar Iompair Éireann	29,517,939
Na Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht	0
Údarás Náisiúnta Iompair	0
An Roinn Coimirce Sóisialaí	240,000
An Roinn Cosanta	125,500
Oideachas	13,000
An Chomhairle Leabharlanna	0
An Chomhairle Ealaíon	90,000
Iompar	0
Dlí agus Ceart	6,000
Talmhaíocht agus Muir	0
Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht	1,184,000
Pobal, Forbairt Tuaithe agus na hOileáin	3,836,550
Gníomhú ar son na hAeráide, Líonraí Cumarsáide	20,000
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	0
Eile	1,714,504
	<b>36,747,493</b>
<b>Iomlán na nDeontas agus na bhFóirdheontas</b>	<b>61,145,924</b>

---

**Ta Cuimsíonn Tábla F Caiteachas agus Ioncam de réir  
Leibhéal Rannóige go Leibhéal Fosheirbhíse**

---

TITHIOCHT AGUS TOGAIL					
Code	Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2022		2021	
		Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Toradh Measta ag Deireadh na Bliana
		€	€	€	€
A0101	Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil	5,651,379	5,651,379	5,381,787	5,675,615
A0102	Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil a Chothabháil	412,617	412,617	331,113	387,600
A0103	Cóiríocht don Lucht Siúil a Bhainistiú	60,100	60,100	58,831	59,357
A0104	Eastáit a Chothabháil	0	0	0	0
A0199	Costais Tacaíochta Seirbhíse	1,229,861	1,229,861	1,287,120	1,246,009
	<b>Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil/a Fheabhsú</b>	<b>7,353,957</b>	<b>7,353,957</b>	<b>7,058,851</b>	<b>7,368,581</b>
A0201	Measúnú ar Riachtanais Tithíochta, Leithdháileadh Tithíochta agus Aistriú Tithíochta	849,770	849,770	735,667	669,099
A0299	Costais Tacaíochta Seirbhíse	519,574	519,574	494,467	476,296
	<b>Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh Tithíochta agus Aistriú Tithíochta</b>	<b>1,369,344</b>	<b>1,369,344</b>	<b>1,230,134</b>	<b>1,145,395</b>
A0301	Bainistiú Fiach agus Measúnú Ciosa	725,854	725,854	711,986	672,082
A0399	Costais Tacaíochta Seirbhíse	270,732	270,732	243,269	236,732
	<b>Ciosanna Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar</b>	<b>996,586</b>	<b>996,586</b>	<b>955,255</b>	<b>908,814</b>
A0401	Eastáit Tithíochta a Bhainistiú	467,820	467,820	410,912	350,988
A0402	Tionóntachtaí a Bhainistiú	182,546	182,546	287,474	214,789
A0403	An tSeirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobail	0	0	0	0
A0499	Costais Tacaíochta Seirbhíse	285,347	285,347	328,364	317,777
	<b>Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta</b>	<b>935,713</b>	<b>935,713</b>	<b>1,026,750</b>	<b>883,554</b>
A0501	Deontais do Chomhlachtaí Eile le haghaidh Seirbhísí do Dhaoine	1,913,988	1,913,988	1,897,700	1,806,013
A0502	An tSeirbhís do Dhaoine gan Dídean	443,493	443,493	366,409	438,123
A0599	Costais Tacaíochta Seirbhíse	3,935,426	3,935,426	4,012,097	3,462,095
	<b>An tSeirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riar</b>	<b>6,292,907</b>	<b>6,292,907</b>	<b>6,276,206</b>	<b>5,706,231</b>
A0601	Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin	342,072	342,072	323,553	319,637
A0602	Muirir Iasachta	427,656	427,656	451,529	451,529
A0699	Costais Tacaíochta Seirbhíse	145,965	145,965	166,001	155,492
	<b>Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta</b>	<b>915,693</b>	<b>915,693</b>	<b>941,083</b>	<b>926,658</b>
A0701	Oibríochtaí faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos	4,136,266	4,136,266	4,149,123	4,129,787
A0702	Léasú fadtéarmach	5,288,438	5,288,438	2,918,306	5,147,193
A0703	Íocaíochtaí agus Infhaighteacht	0	0	0	0
A0704	Léasanna Inacmhainne	460,223	460,223	450,421	459,857
A0799	Costais Tacaíochta Seirbhíse	329,248	329,248	355,252	338,745
	<b>An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus an Clár Léasaithe</b>	<b>10,214,175</b>	<b>10,214,175</b>	<b>7,873,102</b>	<b>10,075,582</b>

TITHIOCHT AGUS TOGAIL					
Code	Cateachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2022		2021	
		Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Ioradh Measta ag Deireadh na Bliana
		€	€	€	€
A0801	Ús lasachta agus Muirir Eile	914,286	914,286	911,836	911,836
A0802	Lasachtaí Tithíochta a bhaineann le Fiach a Bhainistiú	527,219	527,219	636,704	615,595
A0899	Costais Tacaíochta Seirbhíse	171,280	171,280	187,052	179,609
	<b>Lasachtaí Tithíochta</b>	<b>1,612,785</b>	<b>1,612,785</b>	<b>1,735,592</b>	<b>1,707,040</b>
A0901	Scéim na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta Muirir lasachta a bhaineann leis an Scéim Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas/an Scéim Deontas um Fhostaithe a	552,459	552,459	527,516	528,462
A0902	Choinncáil	0	0	0	0
A0903	Deontais Deisiúchán Riachtanach	0	0	0	0
A0904	Íocaíochtaí Eile Deontais Tithíochta	0	0	0	0
A0905	Deontais Tithíochta le haghaidh Áiseanna Soghluasteachta	1,493,000	1,493,000	1,493,000	1,493,000
A0999	Costais Tacaíochta Seirbhíse	246,121	246,121	290,495	278,976
	<b>Deontais Tithíochta</b>	<b>2,291,580</b>	<b>2,291,580</b>	<b>2,311,011</b>	<b>2,300,438</b>
A1101	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchúitithe	61,476	61,476	61,476	61,476
A1199	Costais Tacaíochta Seirbhíse	0	0	0	0
	<b>Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-Fhorchúitithe</b>	<b>61,476</b>	<b>61,476</b>	<b>61,476</b>	<b>61,476</b>
A1201	Oibríochtaí faoin gClár Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta	240,539	240,539	233,693	236,803
A1299	Costais Tacaíochta Seirbhíse	177,058	177,058	202,598	195,250
	<b>An Clár Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta</b>	<b>417,597</b>	<b>417,597</b>	<b>436,291</b>	<b>432,053</b>
	<b>Iomlán na Rannóg Seirbhíse</b>	<b>32,461,813</b>	<b>32,461,813</b>	<b>29,905,750</b>	<b>31,515,822</b>

TITHIOCHT AGUS TOGAIL				
	2022		2021	
Ioncam de réir Foinse	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Toradh Measta ag Deireadh na Bliana
	€	€	€	€
<b>Deontais agus Fóirdheontais Rialtais</b>				
Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht Eile	17,889,936 29,018	17,889,936 29,018	15,216,191 279,018	17,035,608 91,518
<b>Iomlán na nDeontas agus na bhFóirdheontas (a)</b>	<b>17,918,954</b>	<b>17,918,954</b>	<b>15,495,209</b>	<b>17,127,126</b>
<b>Earraí agus Seirbhísí</b>				
Cíosanna ó Thithe	15,591,300	15,591,300	15,191,300	15,191,300
Ús agus Muirir a bhaineann le hÍasachtaí Tithíochta	1,306,792	1,306,792	1,306,792	1,306,792
Aoisliúntas	140,207	140,207	152,348	143,438
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha In-Aisíochta	0	0	0	0
Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil	0	0	0	0
Ioncam Eile	85,720	85,720	85,720	85,720
<b>Iomlán na nEarraí agus na Seirbhísí (b)</b>	<b>17,124,019</b>	<b>17,124,019</b>	<b>16,736,160</b>	<b>16,727,250</b>
<b>Iomlán an Ioncaim c=(a+b)</b>	<b>35,042,973</b>	<b>35,042,973</b>	<b>32,231,369</b>	<b>33,854,376</b>

IOMPAR AGUS SABHAILTEACHT AR BHOITHRE					
Code	Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2022		2021	
		Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach	Arna Ghlacadh ag an gComhairle	Toradh Measta ag Deireadh na Bliana
		€	€	€	€
B0101	Príomhbhóithre Náisiúnta - Cóiriú Dromchla	235,886	235,886	1,713,778	235,885
B0102	Príomhbhóithre Náisiúnta - Forleagan/Atógáil Cosán	3,002,082	3,002,082	5,524,844	3,452,081
B0103	Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil Geimhridh	64,500	64,500	71,667	72,167
B0104	Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil Droichead (Eirspan)	0	0	0	0
